AN LONGFORT
Comhairle Chontae An Longfoirt
Longford County Council
CONNECTED
People · Place · Opportunity

# Fógra Príobháideachais **an Chomhshaoil**

Ag rannóg Comhshaoil Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Scan le hamharc air **Príomhbheartas Príobháideachais**

**Cabhair ag Teastáil Uait?** Conas cód QR a scanadh

1. Oscail d'aip cheamara
2. Frámáil an cód QR
3. Cliceáil ar an mír aníos

# Fógra Príobháideachais
# **an Chomhshaoil**

## Cén fáth a bpróiseálann an Comhshaol sonraí pearsanta (faisnéis)?

### Próiseálaimid do shonraí pearsanta i dtaca le:

- Bainistiú bruscair
- Bainistiú dramhaíola
- Gearáin chomhshaoil a thaifeadadh
- Maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí gnó bia
- Rialú ainmhithe
- Cáilíocht an uisce agus rialú ar thruailliú
- Reiligí a bhainistiú
- Rialú torainn
- Rialú ar thruailliú aeir
- Feasacht ar an gcomhshaol
- Bainistíocht ar struchtúir chontúirteacha
- Riarachán uisce tuaithe



## Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann an Comhshaol?

### Seo a leanas liosta de shonraí pearsanta a phróiseálaimid:

- Ainm
- Seoladh Baile
- Dáta breithe
- Uimhir theileafóin
- Uimhir chláraithe cánach
- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Seoladh ríomhphoist
- Íomhánna CCTV ag bainc bhuidéal agus limistéir dhumpála
- Is féidir gur íomhánna ó CCTV slándála i bhfoirgnimh na Comhairle atá i gceist sna sonraí
- Íomhánna grianghrafadóireachta.

## Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

### Seo iad na trí chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

| Staid | Sampla |
|---|---|
| Tugann tú do thoiliú dúinn d'fhaisnéis a úsáid | Nuair a cheannaíonn tú plota adhlactha |
| Chun ligeann dúinn tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus nó ar ár ndualgas oifigiúil mar údarás áitiúil mar a cheadaítear faoin reachtaíocht Rialtais Áitiúil | Má táimid ag fiosrú Cion Bruscair faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar |
| Conradh a chur i gcrích | Agus sinn ag íoc as soláthairtí agus seirbhísí |



## Cé leis a roinneann an Comhshaol do shonraí pearsanta?

### D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- An Garda Síochána
- An Post
- Measúnóir ceadaithe, mar shampla, measúnóir formheasta ar thruailliú aeir chun deimhniú péinteanna maisiúla a phróiseáil
- An Phríomh-Oifig Staidrimh
- Conraitheoirí, mar shampla, conraitheoir a bhainistíonn capaill sheachráin
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
- Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe (ISPCA)
- Iniúchóir rialtais áitiúil
- Comhlachtaí stáit eile
- An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola
- Aturnae
- Bunachair shonraí náisiúnta micrishlise formheasta. Bainimid úsáid astu seo nuair a chuirimid micrishlis i madraí agus nuair a thugtar baile nua dóibh.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

an post

### Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait faoin gcaoi a bpróiseálaimid faisnéis laistigh den Chomhshaol, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

| Roghanna teagmhála | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| **Guthán** | 043 334 4207 |
| **Ríomhphost** | dpo@longfordcoco.ie |

**D'úsáideamar treoirlínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú**

